BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Tríú Dlísheomra)

8 Bealtaine 2025 *

(Tarchur chun réamhrialú – Cosaint tomhaltóirí – Téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra – Treoir 93/13/CEE – Airteagal 6(1) agus Airteagal 7(1) – Conradh iasachta morgáiste arna innéacsú d'airgeadra eachtrach – Iarratas ar dhearbhú ag an tomhaltóir go bhfuil an comhaontú ar neamhní – Iarratas ar bhearta eatramhacha arb é atá iontu comhlíonadh an chonartha a chur ar fionraí – Treoir 2014/59/AE – Téarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa – Banc atá faoi réir nós imeachta réitigh – Airteagal 1(2) – Cumhacht na mBallstát rialacha a ghlacadh atá níos déine ná rialacha na Treorach sin nó a fhorlíonann iad – Riail náisiúnta lena gceanglaítear diúltú d'iarratais ar bhearta cosanta i gcoinne institiúid atá faoi réir nós imeachta réitigh atá ar bun)

I gCás C-324/23 [Myszak] [i],

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE ón Sąd Okręgowy w Warszawie (an Chúirt Réigiúnach, Várs á, an Pholainn), trí bhreith an 26 Deireadh Fómhair 2022, a fuarthas ag an gCúirt an 25 Bealtaine 2023, sna himeachtaí idir

OF,

EI,

RI

v

M.K., ag gníomhú dó mar leachtaitheoir Getin Noble Bank S.A. faoi leachtú,

tugann AN CHÚIRT (an Tríú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: C. Lycourgos, Uachtarán Dlísheomra, S. Rodin, O. Spineanu Matei (Rapóirtéir), S. Gervasoni agus N. Fenger, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: L. Medina,

Cláraitheoir: M. Siekierzyńska, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus tar éis éisteacht an 17 Deireadh Fómhair 2024,

* Teanga an cháis: an Pholainnis.

[i] Is ainm bréige é ainm an cháis seo. Ní fhreagraíonn sé d'fhíorainm aon cheann de na páirtithe sna himeachtaí.

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– OF, EI agus RI, ag W. Bochenek, P. Stalski agus T. Zaremba, radcowie prawni,

– M.K., ag P. Cieślak agus M. Pyziak-Waląg, adwokaci,

– Rialtas na Polainne, ag B. Majczyna, M. Kozak, R. Stańczyk agus B. Trocha, i gcáil Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, ag U. Małecka, P. Ondrůšek agus D. Triantafyllou, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 12 Nollaig 2024,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú ar Airteagal 6(1) agus Airteagal 7(1) de Threoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra (IO 1993 L 95, lch. 29), arna léamh i bhfianaise phrionsabail na héifeachtachta agus na comhréireachta, agus i gcomhar le hAirteagal 34(1)(b) agus (g) agus Airteagal 70(1) agus (4) de Threoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat do théarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus a réiteach agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO 2014 L 173, lch. 190).

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir OF, EI agus RI, ar thaobh amháin, agus M.K., ina cháil mar leachtaitheoir ar Getin Noble Bank S.A., atá faoi leachtú faoi láthair, ar an taobh eile, maidir leis an iarratas ar bhearta cosanta arna ndéanamh ag OF, EI agus RI in imeachtaí chun dearbhú a fháil go bhfuil comhaontú iasachta morgáiste atá innéacsaithe le hairgeadra eachtrach ar neamhní agus aisíoc na suimeanna a íocadh de bhun an chonartha sin a thug siad i gcrích le Getin Noble Bank.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

Treoir 93/13

3 Foráiltear mar a leanas in Airteagal 6(1) den Treoir sin:

‘Déanfaidh na Ballstáit foráil nach mbeidh téarmaí éagóracha a úsáidtear i gconradh arna chur i gcrích le tomhaltóir ag díoltóir nó ag soláthróir ina gceangal ar an tomhaltóir, amhail dá bhforáiltear faoina ndlí náisiúnta, agus go leanfaidh an conradh de bheith ina cheangal ar na páirtithe de réir na dtéarmaí sin más féidir leis leanúint de bheith ann gan na téarmaí éagóracha.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 De réir Airteagal 7(1) den Treoir sin:

‘Áiritheoidh na Ballstáit, ar mhaithe le leas na dtomhaltóirí agus n-iomaitheoirí, gurb ann do mhodhanna leordhóthanacha agus éifeachtacha chun cosc a chur ar úsáid leanúnach a bhaint as téarmaí éagóracha i gconarthaí arna dtabhairt i gcrích le tomhaltóirí ag díoltóirí nó ag soláthróirí.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Treoir 2014/59

5 Luaitear an méid seo a leanas in aithrisí 5, 49 go 51 agus 131 de Threoir 2014/59:

‘(5) Tá gá le córas chun sraith inchreidte uirlisí a chur ar fáil do na húdaráis chun idirghabháil sách luath agus tapa a dhéanamh in institiúid neamhfhónta nó in institiúid a bhfuil ag cliseadh uirthi chun leanúnachas fheidhmeanna criticiúla airgeadais agus eacnamaíocha na hinstitiúide a áirithiú, agus an tionchar a bheadh ag cliseadh institiúide ar an ngeilleagar agus ar an gcóras airgeadais a íoslaghdú ag an am céanna. Ba cheart go n-áiritheodh an córas gurbh iad na scairshealbhóirí a sheasfadh na caillteanais ar dtús agus gurbh iad na creidiúnaithe a sheasfadh na caillteanais ina dhiaidh sin, ar choinníoll nach dtabhódh aon chreidiúnaí caillteanais níos mó ná mar a thabhódh sé dá ndéanfaí an institiúid a fhoirceannadh faoi ghnáthimeachtaí dócmhainneachta de réir an phrionsabail creidiúnaí ar bith níos measa as mar a shonraítear sa Treoir seo.

[…]

(49) Ba cheart na srianta ar chearta scairshealbhóirí agus creidiúnaithe a bheith i gcomhréir le hAirteagal 52 den Chairt [um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh]. Dá bhrí sin, níor cheart na huirlisí réitigh a chur i bhfeidhm ach maidir leis na hinstitiúidí sin a bhfuil ag cliseadh orthu nó ar dócha go gclisfidh orthu, agus nuair is gá sin chun cuspóir na cobhsaíochta airgeadais a bhaint amach ar son an leasa choitinn. Go háirithe, ba cheart na huirlisí réitigh a úsáid i gcás nach féidir an institiúid a fhoirceannadh de réir gnáthimeachtaí dócmhainneachta gan an córas airgeadais a dhíchobhsú agus i gcás ina bhfuil gá leis na bearta d’fhonn aistriú gasta agus leanúnachas feidhmeanna a bhfuil tábhacht shistéamach ag baint leo a áirithiú agus i gcás nach bhfuil aon dóchúlacht réasúnach ann go dtiocfar ar réiteach eile príobháideach, lena n-áirítear na scairshealbhóirí atá ann cheana nó aon tríú páirtí ag méadú an chaipitil ar shlí a d’fhágfadh go bhféadfaí inmharthanacht iomlán na hinstitiúide a athshlánú. Ina theannta sin, nuair a bheidh uirlisí réitigh á gcur i bhfeidhm agus cumhachtaí réitigh á bhfeidhmiú, ba cheart prionsabal na comhréireachta agus tréithe ar leith fhoirm dhlíthiúil na hinstitiúide a chur san áireamh.

(50) Níor cheart cur isteach ar chearta maoine a bheith díréireach. […] I gcás aistriú páirteach sócmhainní institiúide faoi réiteach chuig ceannaitheoir príobháideach nó chuig droichead-institiúid, ba cheart an chuid iarmharach den institiúid faoi réiteach a fhoirceannadh faoi ghnáthimeachtaí dócmhainneachta. D’fhonn scairshealbhóirí agus creidiúnaithe atá fágtha in imeachtaí foirceanta na hinstitiúide a chosaint, ba cheart go mbeidís i dteideal íoc as a n-éilimh sna himeachtaí foirceanta, nó cúiteamh a fháil astu, méid nach lú ná an méid a mheastar a ghnóthóidís, dá ndéanfaí an institiúid ina hiomláine a fhoirceannadh de réir na ngnáthimeachtaí dócmhainneachta.

(51) Chun ceart na scairshealbhóirí agus na gcreidiúnaithe a chosaint, ba cheart oibleagáidí soiléire a leagan síos maidir le luacháil sócmhainní agus dliteanais na hinstitiúide faoi réiteach agus, i gcás ina gceanglófar faoin Treoir seo, luacháil na cóireála a gheobhadh scairshealbhóirí agus creidiúnaithe dá bhfoirceannfaí an institiúid faoi na gnáthimeachtaí dócmhainneachta. [...] Má fhaightear amach go bhfuair scairshealbhóirí agus creidiúnaithe, mar íocaíocht nó mar chúiteamh as a n-éilimh, níos lú ná mar a gheobhaidís faoi ghnáthimeachtaí dócmhainneachta, ba cheart dóibh a bheith i dteideal íocaíocht na difríochta, i gcás ina gceanglaítear sin leis an Treoir seo. [...]

[...]

(131) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir na Treorach seo a ghnóthú go leordhóthanach, eadhon comhchuibhiú a dhéanamh ar na rialacha agus na próisis chun gnóthais árachais agus athárachais a réiteach, ach de bharr na dtionchar a bheadh ag cliseadh aon ghnóthais ar an Aontas trí chéile, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 [CAE]. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 Foráiltear don mhéid seo a leanas in Airteagal 1(2) den Treoir sin:

'Féadfaidh na Ballstáit rialacha atá níos déine nó rialacha atá ina dteannta siúd a leagtar síos sa Treoir seo agus sna gníomhartha tarmligthe agus sna gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh ar bhonn na Treorach seo a ghlacadh nó a choinneáil ar bun, ar choinníoll go bhfuil feidhm ghinearálta ag na rialacha sin agus nach bhfuil siad i gcoinbhleacht leis an Treoir seo agus leis na gníomhartha tarmligthe agus na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh ar a bonn.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 Foráiltear le hAirteagal 34(1) den Treoir sin, dar teideal 'Prionsabail ghinearálta lena rialaítear réiteach':

'Áiritheoidh na Ballstáit, agus na huirlisí réitigh á gcur i bhfeidhm agus na cumhachtaí réitigh á bhfeidhmiú acu, go ndéanfaidh na húdaráis réitigh gach beart is iomchuí chun a áirithiú go ndéanfar an ghníomhaíocht réitigh i gcomhréir leis na prionsabail seo a leanas:

[...]

(b) gurb iad creidiúnaithe na hinstitiúide faoi réiteach a iompróidh na caillteanais a bheidh ann i ndiaidh na scairshealbhóirí i gcomhréir le hord tosaíochta a n-éileamh faoi ghnáthimeachtaí dócmhainneachta, ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt go sainráite sa Rialachán seo;

[...]

(g) ní thabhóidh aon chreidiúnaí caillteanais níos mó ná na caillteanais a thabhódh sé dá bhfoirceannfaí an institiúid nó an t-eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 1(1)(b), (c) nó (d) faoi ghnáthimeachtaí dócmhainneachta i gcomhréir leis na coimircí dá bhforáiltear in Airteagail 73 go 75;

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8 Foráiltear don mhéid seo a leanas in Airteagal 37(6) den Treoir sin:

'I gcás nach n-úsáidtear ach na huirlisí réitigh [chun gnó na hinstitiúide nó na droichead-institiúide a dhíol], agus nach n-úsáidtear iad ach chun cuid de shócmhainní, de chearta nó de dhliteanais na hinstitiúide faoi réiteach a aistriú, déanfar an institiúid iarmharach nó an t-eintiteas iarmharach dá dtagraítear i bpointí (b), (c) nó (d) d'Airteagal 1(1), ar aistríodh a sócmhainní, a gcearta nó a ndliteanais, a fhoirceannadh de réir gnáthimeachtaí dócmhainneachta. Déanfar an leachtú sin laistigh de thréimhse réasúnta ama [...]'

9 Luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 70 de Threoir 2014/59, dar teideal 'Cumhacht chun forfheidhmiú comhthaobhachta a shrianadh', i míreanna 1 agus 4 den Treoir sin:

'1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an chumhacht ag na húdaráis réitigh creidiúnaithe urraithe de chuid institiúid faoi réiteach a shrianadh ó chomhthaobhachtaí a fhorfheidhmiú i ndáil le haon sócmhainn de chuid na hinstitiúide sin faoi réiteach ón tráth a bhfoilsítear fógra maidir leis an srianadh i gcomhréir le hAirteagal 83(4) go meán oíche i mBallstát údarás réitigh na hinstitiúide faoi réiteach i ndeireadh an lae gnó tar éis an fhoilseacháin sin.

[...]

4. Agus cumhacht á feidhmiú faoin Airteagal seo, féachfaidh na húdaráis réitigh don tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag feidhmiú na cumhachta sin.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

10 Tagraítear in Airteagal 73 den Treoir sin, dar teideal 'Láimhseáil scairshealbhóirí agus creidiúnaithe i gcás aistriú páirteach agus cur i bhfeidhm páirteach na huirlise fortharrthála', i bpointe (b) den Treoir sin, don chás ina gcuireann údarás náisiúnta réitigh an uirlis fortharrthála i bhfeidhm. Foráiltear an méid seo a leanas i bpointe (a) den Airteagal sin:

'I gcás inar cuireadh uirlis réitigh amháin nó níos mó i bhfeidhm agus, go háirithe, chun críocha Airteagal 75, áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

(a) ach amháin i gcás ina mbeidh feidhm ag pointe (b), i gcás nach n-aistreoidh údaráis réitigh ach i bpáirt cearta, sócmhainní agus dliteanais na hinstitiúide faoi réiteach, gheobhaidh scairshealbhóirí agus creidiúnaithe nár aistríodh a n-éilimh agus iad ag socrú a n-éileamh ar a laghad cothrom leis an éileamh a gheobhaidís dá bhfoirceannfaí an institiúid faoi réiteach faoi ghnáthimeachtaí dócmhainneachta tráth a ndearnadh an cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 82.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

11 Foráiltear le hAirteagal 74(1) agus (2) den Treoir sin, dar teideal ‘Luacháil ar dhifríocht sa láimhseáil’:

1. Chun críocha a mheasúnú an gcuirfí cóir níos fearr ar scairshealbhóirí agus ar chreidiúnaithe dá rachadh an institiúid faoi réiteach i mbun gnáthimeachtaí dócmhainneachta, lena n-áirítear chun críche Airteagal 73 ach gan bheith teoranta dó sin, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh duine neamhspleách luacháil a luaithe agus is féidir tar éis éifeacht a thabhairt don ghníomhaíocht réitigh nó do na gníomhaíochtaí réitigh. Beidh an luacháil sin éagsúil leis an luacháil arna déanamh faoi Airteagal 36.

2. Leis an luacháil dá dtagraítear i mír 1, cinnfear:

(a) an chóir a chuirfí ar scairshealbhóirí agus ar chreidiúnaithe, nó ar na scéimeanna ráthaíochta taiscí ábhartha, dá rachadh an institiúid faoi réiteach, ar ina leith a rinneadh an ghníomhaíocht réitigh nó na gníomhaíochtaí réitigh, i mbun gnáthimeachtaí dócmhainneachta an tráth a ndearnadh an cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 82;

(b) an chóir iarbhír a cuireadh ar scairshealbhóirí agus ar chreidiúnaithe, i ndáil le réiteach na hinstitiúide faoi réiteach; agus

(c) an bhfuil nó nach bhfuil aon difríocht ann idir an láimhseáil dá dtagraítear i bpointe (a) agus an láimhseáil dá dtagraítear i bpointe (b).’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

12 De réir Airteagal 75 den Treoir chéanna, dar teideal ‘Coimirce le haghaidh scairshealbhóirí agus creidiúnaithe’:

‘Áiritheoidh na Ballstáit, má chinntear leis an luacháil arna déanamh faoi Airteagal 74 gur thabhaigh aon scairshealbhóir nó creidiúnaí dá dtagraítear in Airteagal 73 [...] caillteanais níos mó ná mar a thabhódh sé i bhfoirceannadh faoi ghnáthimeachtaí dócmhainneachta, go mbeidh sé i dteideal íocaíocht na difríochta ó na socruithe um maoiniú réitigh.’

Dlí na Polainne

An Dlí maidir leis an gCód Sibhialta

13 Foráiltear le hAirteagal 385[1] den ustawa Kodeks cywilny (Dlí maidir leis an gCód Sibhialta) an 23 Aibreán 1964, sa leagan is infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí (Dz. U. de 2020, ceannteideal 1740), i míreanna 1 agus 2:

‘1. Ní bheidh na clásail chonarthacha arna dtabhairt i gcrích le tomhaltóir nach ndearnadh caibidlíocht aonair orthu ina gceangal ar an tomhaltóir nuair a shainítear leo cearta agus oibleagáidí an tomhaltóra ar bhealach atá contrártha leis an moráltacht phoiblí, agus dochar follasach á dhéanamh dá leasanna (clásail neamhdhleathacha). Ní bheidh feidhm ag an bhforáil seo maidir le téarmaí lena leagtar amach na príomhábhair a bheidh le comhlíonadh ag na páirtithe, lena n-áirítear praghas nó luach saothair, má fhoirmítear iad ar bhealach aonchiallach.

2. I gcás nach bhfuil clásal conarthach ina cheangal ar an tomhaltóir faoi mhír 1, beidh forálacha eile de chuid an chonartha fós ina gceangal ar na bpáirtithe.'

14 Foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 405 den Chód sin:

'Aon duine a fuair buntáiste airgid, gan bunús dlí, ar chostas duine eile, ceanglófar air an buntáiste comhchineáil a sholáthar nó a luach a thabhairt ar ais.'

15 De réir Airteagal 410(2) den Chód sin:

'Níl comhlíonadh dlite mura raibh sé d'oibleagáid ar an duine a sholáthair é, é a sholáthar ar chor ar bith nó mura raibh sé d'oibleagáid air é a sholáthar don duine dár soláthraíodh é, nó má tá an bunús leis an soláthar imithe nó mura bhfuil cuspóir an chomhlíonta bainte amach, nó má bhí an gníomh dlí lena gceanglaítear an comhlíonadh ar neamhní agus nár tháinig sé chun bheith bailí tar éis an tseirbhís a sholáthar.'

An Dlí lena mbunaítear Cód an Nós Imeachta Sibhialta

16 Ustawa Kodeks postępowania cywilnego (an Dlí maidir le Cód an Nós Imeachta Sibhialta) an 17 Samhain 1964, sa leagan is infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí (Dz. U. de 2021, ceannteideal 1805), foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 189:

17 'Féadfaidh iarratasóir iarratas a thionscnamh os comhair na cúirte chun a shuí gurb ann nó nach ann do chaidreamh dlíthiúil nó do cheart, ar choinníoll go bhfuil leas dlisteanach aige i gcaingean a thabhairt.'Luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 730[1] den Chód sin:

'1. Féadfaidh aon pháirtí sna himeachtaí bearta cosanta a iarraidh ar choinníoll go léiríonn sé gurb ann dá éileamh *prima facie* agus go bhfuil leas aige i mbearta cosanta a iarraidh.

2. Is ann don leas i mbearta cosanta a lorg i gcás ina gcuirfidh easpa bearta cosanta cosc nó bac tromchúiseach ar fhorfheidhmiú an chinnidh atá le tabhairt sa chás nó ina gcuirfear cosc nó bac tromchúiseach ar bhealach eile ar chuspóir na n-imeachtaí sa chás a bhaint amach.

[...]

3. Agus bearta cosanta á roghnú, ceanglaítear ar an gcúirt leasanna na bpáirtithe sna himeachtaí a chur san áireamh ar bhealach a ráthóidh cosaint dhlíthiúil leordhóthanach don tairbhí agus nach gcuirfidh sí ualach níos mó ná mar is gá ar an bhféichiúnaí.'

18 De réir Airteagal 731 den Chód sin:

'Ní cheapfar beart cosanta chun an t-éileamh a réiteach mura bhforáiltear a mhalairt le dlí.'

19 Foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 755 den Chód sin:

‘1. I gcás nach mbaineann na bearta cosanta le héilimh airgid, ordóidh an chúirt bearta cosanta a mheasfaidh sí is iomchuí in imthosca an cháis, gan na bearta cosanta dá bhforáiltear i leith éileamh airgid a eisiamh. Go háirithe, féadfaidh an chúirt:

1) cearta agus oibleagáidí na bpáirtithe nó na rannpháirtithe sna himeachtaí a chinneadh ar feadh ré na n-imeachtaí;

[...]

2[1]. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 731 más gá an beart cosanta chun gar-dhamáiste nó iarmhairtí diúltacha eile don tairbhí a sheachaint.

[...]’

An Dlí Dócmhainneachta

20 Foráiltear le hAirteagal 146 de Ustawa Prawo upadłościowe (an Dlí Dócmhainneachta) an 28 Feabhra 2003, sa leagan is infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí (Dz. U. de 2022, mír 1520):

‘1. Aon imeachtaí forfheidhmiúcháin i ndáil leis na sócmhainní ar cuid den eastát dócmhainneachta iad agus a tionscnaíodh roimh dháta an dearbhaithe dócmhainneachta, cuirfear ar fionraí go huathoibríoch iad ón dáta sin. Beidh na himeachtaí sin ina n-ábhar go huathoibríoch do dhearbhú nach gá breith a thabhairt tar éis don bhreithiúnas lena ndearbhaítear dócmhainneacht a bheith críochnaitheach. [...]

2. Déanfar suimeanna a eascraíonn as imeachtaí forfheidhmithe a cuireadh ar fionraí agus nár dáileadh go fóill a aistriú chuig an eastát dócmhainneachta tar éis don bhreithiúnas lena ndearbhaítear dócmhainneacht a bheith críochnaitheach.

[...]

3. Tar éis dháta an dearbhaithe dócmhainneachta, ní féidir na sócmhainní ar cuid den eastát dócmhainneachta iad a fhorfheidhmiú a thuilleadh ná bearta cosanta a fhorfheidhmiú nó a dheonú i ndáil le sócmhainní an fhéimhigh, cé is moite de bhearta cosanta maidir le héilimh chothabhála nó éilimh a eascraíonn as íocaíochtaí atá dlite mar gheall ar bhreoiteacht, éagumas chun oibre, éiglíocht nó bás, agus pinsin i ndáil le conradh a chomhshó go blianacht saoil faoinar gheall ceannaitheoir na maoine dochorraithe don aistreoir cúram, cothabháil agus cóiríocht a sholáthar dó.’

An Dlí maidir leis an gCiste um Ráthaíocht Bainc

21 Foráiltear leis an ustawa o Bankowym Funduszu Gwarancyjnym, systemie gwarantowania depozytów oraz przymusowej restrukturyzacji (an Dlí maidir leis an gCiste um Ráthaíocht Bainc, an scéim ráthaíochta taiscí agus réiteach) an 10 Meitheamh 2016, sa leagan is infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí (Dz. U. de 2022, mír 793, 'an Dlí maidir leis an gCiste um Ráthaíocht Bainc), in Airteagal 135(1) agus (4):

'1. Déanfar dearbhú nach gá breithniú a dhéanamh in aon imeachtaí forfheidhmithe nó chun bearta cosanta a dheonú a bhaineann le sócmhainní institiúide faoi réiteach a tugadh os comhair na hinstitiúide faoi réiteach.

[...]

4. Ní fhéadfar aon imeachtaí forfheidhmithe ná réamhchúraim a thionscnamh i gcoinne institiúid faoi réiteach.'

22 Faoi Airteagal 142(1) den Dlí sin, féadfaidh Bankowy Fundusz Gwarancyjny (an Ciste um Ráthaíocht Bainc, an Pholainn), arb é an t-údarás náisiúnta réitigh é, an ceart chun an chomhthaobhacht a dhearbhú a bhaineann le sócmhainní institiúide faoi réiteach a chur ar fionraí ar feadh tréimhse nach faide ná deireadh an lae oibre tar éis fhoilsiú a fhógra maidir leis an gceart sin a chur ar fionraí.

An díospóid sna príomhimeachtaí agus an cheist a tarchuireadh le haghaidh réamhrialú

23 In 2007, thug na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí, OF agus a thuismitheoirí, RI agus EI, comhaontú iasachta morgáiste i gcrích, mar thomhaltóirí, ar feadh thréimhse 360 mí le haghaidh 185 375.71 zloty Polannach (PLN) (thart ar EUR 43 000) le Getin Noble Bank. Rinneadh foráil sa chomhaontú sin maidir le clásal chun an méid sin a chomhshó i bhfrancanna na hEilvéise (CHF), ag an ráta ceannaigh don airgeadra sin arna shocrú ag an mbanc sin, agus ráta comhlúthach. fhranc na hEilvéise, a shocraigh an banc sin go haontaobhach freisin. Bhí na tráthchodanna míosúla, arna ríomh i bhfrancanna na hEilvéise, inaisíoctha i zloty na Polainne ar ráta díola fhranc na hEilvéise, arna shocrú go haontaobhach ag an mbanc freisin.

24 Thug na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí caingean os comhair an Sąd Okręgowy w Warszawie (an Chúirt Réigiúnach, Várs á, an Pholainn), arb í an chúirt a rinne an tarchur í, maidir leis an gcomhaontú iasachta atá i gceist sna príomhimeachtaí. Go príomha, féachtar leis an iarratas sin le dearbhú go bhfuil an conradh sin ar neamhní mar gheall ar chuid dá théarmaí a bheith éagórach agus, dá bhrí sin, go n-ordófar do Getin Noble Bank na méideanna PLN 48 352.97 agus CHF 27 171.82 a íoc (is é sin le rá, thart ar EUR 11 300 agus EUR 29 000 faoi seach), a chomhfhreagraíonn do na tráthchodanna míosúla a íocadh faoin gconradh sin ar an dáta ar cuireadh isteach a n-iarratas, móide ús mainneachtana agus costais. Mar mhalairt air sin, iarrtar san iarratas sin a dhearbhú go bhfuil na téarmaí lena mbaineann éagórach agus go bhfuil siad neamhbhailí.

25 An 29 Meán Fómhair 2022, tráth a raibh an t-iarratas atá i gceist sna príomhimeachtaí ar feitheamh, ghlac an Ciste um Ráthaíocht Bainc, ag gníomhú dó ina cháil mar údarás réitigh náisiúnta, cinneadh lena gcuirtear Getin Noble Bank faoi réir imeachtaí réitigh. Mar chuid de na himeachtaí sin, bhain an Ciste um Ráthaíocht Bainc úsáid as an uirlis droichead-institiúide trí bhanc a bhunú, ar a dtugtar VELO Bank S.A. faoi láthair, ar aistríodh na sócmhainní, cearta agus

oibleagáidí uile, nach mór, de chuid Getin Noble Bank chuige. Leis an gcinneadh sin, eisiadh ón aistriú sin na cearta maoine a eascraíonn as gníomhartha fíorais, gníomhartha dlí nó sáruithe a bhaineann le comhaontuithe creidmheasa agus iasachta arna n-ainmniú i bhfrancanna na hEilvéise nó arna n-innéacsú le praghas fhranc na hEilvéise agus éilimh a eascraíonn as na cearta maoine sin, lena n-áirítear iad siúd a bhí faoi réir imeachtaí sibhialta nó riaracháin.

26 Tar éis an chinnidh sin ón mBanc um Ráthaíocht, thionscain na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí imeachtaí idirbhreitheacha i gcoinne Getin Noble Bank os comhair na cúirte a rinne an tarchur, ina ndearna siad iarratas ar bhearta cosanta maidir le cearta agus oibleagáidí na bpáirtithe sna príomhimeachtaí, ag iarraidh go gcuirfí ar fionraí a n-oibleagáid chonarthach na tráthchodanna míosúla atá dlite faoin gcomhaontú iasachta atá i gceist sna príomhimeachtaí a íoc go dtí go dtabharfar na himeachtaí sin chun críche go críochnaitheach agus go dtí go gcuirfear toirmeasc ar Getin Noble Bank céimeanna a ghlacadh d'fhonn deireadh a chur leis an gcomhaontú sin agus fógra a fhoilsiú maidir le neamhíocaíocht na hiasachta lena mbaineann.

27 Sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur go bhfuil iarratas den sórt sin ar bhearta cosanta le cinneadh ar bhonn measúnú *prima facie* ar fhiúntas éilimh na bpáirtithe, agus an fhianaise go léir a bailíodh sna príomhimeachtaí á cur san áireamh. Sa chás seo, measann an chúirt sin go bhféadfaí téarmaí an chomhaontaithe iasachta atá i gceist sna príomhimeachtaí, atá faoi dhíospóid ag na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí, a aicmiú mar théarmaí éagóracha agus nach bhféadfaidh an conradh sin leanúint de bheith ann tar éis dearbhú go bhfuil na téarmaí sin neamhbhailí.

28 Measann an chúirt a rinne an tarchur, dá bhrí sin, gur cheart go bhféadfaí an t-iarratas ar bhearta eatramhacha a dheonú arb é atá iontu, *inter alia*, oibleagáid na n-iarratasóirí sna príomhimeachtaí a chur ar fionraí chun tráthchodanna míosúla na hiasachta atá i gceist sna príomhimeachtaí a íoc. Mar sin féin, tá amhras uirthi ina leith sin i gcomhthéacs inar banc é an díoltóir nó an soláthróir lena mbaineann atá faoi réir nós imeachta réitigh dá bhforáiltear i dTreoir 2014/59.

29 I ndáil leis sin, tagraíonn an chúirt a rinne an tarchur d'fhorálacha Airteagal 135(1) agus (4) den Dlí maidir leis an gCiste um Ráthaíocht Bainc, faoina bhforáiltear, i gcás ina bhfuil banc faoi réir gníomhaíocht réitigh, nach mór imeachtaí atá ar bun lena lorgaítear bearta cosanta i leith an bhainc sin a bheith ina n-ábhar do dhearbhú nach gá breithniú a dhéanamh agus go gcuirtear cosc ar imeachtaí nua a thionscnamh chun bearta den sórt sin a fháil. Dar leis an gcúirt sin, is ionann na forálacha sin agus trasuí mícheart, ó tharla go bhfuil sé leathan, ar Airteagal 70(1) agus (4) de Threoir 2014/59.

30 Tar éis iarraidh ar fhaisnéis ón gCúirt maidir le hábharthacht fhéideartha Airteagal 142(1) den Dlí maidir leis an gCiste um Ráthaíocht Bainc mar bheart lena dtrasuitear Airteagal 70(1) de Threoir 2014/59, chuir an chúirt a rinne an tarchur in iúl, go bunúsach, go bhfuil an dá fhoráil sin comhfhreagrach lena chéile, ach go bhfuil fadhbanna ag baint le hAirteagal 135(1) agus (4) den Dlí sin a chur isteach, ós rud é go bhfuil raon feidhme i bhfad níos leithne ag na forálacha sin ná Airteagal 70(1).

31 Fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an gceiltear an chosaint dá bhforáiltear le Treoir 93/13 ar thomhaltóirí le hAirteagal 135(1) agus (4) den Dlí maidir leis an gCiste um Ráthaíocht Bainc agus, dá bhrí sin, an bhfuil sé contrártha do phrionsabail na héifeachtachta agus na comhréireachta. Bhainfí an fhéidearthacht de na tomhaltóirí lena mbaineann a scaoileadh go hiarbhír ó chomhlíonadh conartha a d'fhéadfadh a bheith neamhbhailí, mar gheall ar na téarmaí éagóracha

atá ann, ar feadh thréimhse na n-imeachtaí breithiúnacha lena n-iarrtar go n-aithneofaí na téarmaí sin mar théarmaí éagóracha, cé go bhfuil siad faoi réir an bhaoil nach mbainfidh siad tairbhe as an éifeacht aisig a eascraíonn as aon chinneadh ina dhiaidh sin gurb ann d'éagóir.

32 Cuireann an chúirt sin in iúl i ndáil leis sin, i gcás amhail an cás atá i gceist sna príomhimeachtaí, i gcás ina gcuirtear cosc ar fhorghníomhú i gcoinne an bhainc, gurb é an t-aon mhodh éifeachtach chun an éifeacht aisig sin a chur chun feidhme ná éilimh chómhalartacha a fhritháireamh. I gcás dearbhú dócmhainneachta ón mbanc, bheadh éileamh an tomhaltóra i gcoinne an bhainc a bhaineann le haisíoc na suimeanna a íocadh faoin gcomhaontú iasachta de bhreis ar an gcaipiteal a tugadh ar iasacht faoi réir a bhfuil i ndán d'éilimh na gcreidiúnaithe eile, rud a chiallódh sa chleachtas nach bhféadfadh an tomhaltóir a fhiach a aisghabháil.

33 Ina theannta sin, tagraíonn an chúirt a rinne an tarchur don phrionsabal dá dtagraítear in Airteagal 34(1)(g) de Threoir 2014/59, ar dá réir ba cheart imeachtaí réitigh a sheoladh ar bhealach nach dtabhóidh creidiúnaithe caillteanais níos mó ná mar a thabhófar faoi ghnáthimeachtaí dócmhainneachta. Cuireann sí in iúl go bhfuil amhras uirthi an féidir an prionsabal sin a chomhlíonadh má tá toirmeasc ar iarratas a dhéanamh ar bhearta cosanta arb é atá ann fionraí na hoibleagáide aisíocaíochta míosúla iasachta arna deonú ag banc faoi réiteach a íoc i gcomhréir le conradh a bhfuil a bhailíocht faoi cheist.

34 Sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur go mbaineann an díospóid sna príomhimeachtaí go páirteach le héileamh a dtugann sí tuairisc air mar éileamh 'neamhairgid', a mhéid a bhaineann sé le hiarratas ar dhearbhú go bhfuil an comhaontú iasachta atá i gceist sna príomhimeachtaí ar neamhní, agus, i gcomhréir le hAirteagal 146(3) den Dlí dócmhainneachta, sa leagan is infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí, gur féidir bearta cosanta a dheonú i ndáil le héileamh den sórt sin in ainneoin imeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh, ós rud é, go bunúsach, nach bearta cosanta iad bearta den sórt sin i leith shócmhainní an fhéimhigh, de réir bhrí na forála sin. Ina freagra ar iarraidh na Cúirte ar fhaisnéis, luaigh an chúirt a rinne an tarchur go mbeadh an t-iarratas ar bhearta cosanta atá i gceist sna príomhimeachtaí inghlactha dá ndéanfaí é tar éis an dearbhaithe go raibh Getin Noble Bank dócmhainneach, a rinneadh idir an dá linn an 20 Iúil 2023.

35 Ba cheart idirdhealú a dhéanamh idir an 't-éileamh neamhairgid' sin agus an t-éileamh a bhaineann le haiseag sochair mhíchuí a eascraíonn as éifeacht aisig chur i bhfeidhm Threoir 93/13, a mbeadh iarmhairtí airgeadais aige don fhéimheach, ionas nach bhféadfaí beart cosanta a dhéanamh i ndáil leis an dara héileamh sin.

36 Ar deireadh, measann an chúirt a rinne an tarchur gur gá a chur san áireamh, i gcás ina gcuirfí an comhaontú iasachta atá i gceist ar ceal sna príomhimeachtaí, go mbeadh éileamh ag an mbanc ar aisíocaíocht an chaipitil a tugadh ar iasacht. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé contrártha do chuspóir an nós imeachta réitigh comhlíonadh oibleagáidí na n-iarratasóirí sna príomhimeachtaí a eascraíonn as an gconradh sin a chur ar fionraí sula mbaineann iomlán a n-aisíocaíochtaí amach suim a fhreagraíonn don chaipiteal sin, ós rud é go gcuirfeadh sé sin teorainn nó moill ar an bpróiseas chun éilimh an bhainc lena mbaineann a aisghabháil, atá ceaptha creidiúnaithe eile a shásamh.

37 Sna himthosca sin, chinn an Sąd Okręgowy w Warszawie (an Chúirt Réigiúnach, Várs á) bac a chur ar na himeachtaí agus an cheist seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

‘An bhfuil Airteagal 6(1) agus Airteagal 7(1) de Threoir [93/13], arna léamh i bhfianaise phrionsabail na héifeachtachta agus na comhréireachta, agus Airteagal 34(1)(b) agus (g) agus Airteagal 70(1) agus (4) de Threoir [2014/59], le léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear, i ndáil le banc a bhfuil rún speisialta tionscanta ina choinne, nach bhfuil sé ceadaithe iarratas tomhaltóra ar bheart eatramhach (an chaingean a áirithiú) a dheonú lena bhfionraítear, le linn imeachtaí cúirte, an oibleagáid an caipiteal agus tráthchodanna úis a íoc faoin gcomhaontú iasachta, ar dócha go ndearbhóidh cúirt iad a bheith neamhbhailí mar thoradh ar théarmaí conarthacha éagóracha a bhaint uaidh, ar an bhforas amháin gur cuireadh an banc sin faoi rún speisialta?’

An cheist arna tarchur chun réamhrialú

38 Mar réamhphointe, ba cheart a thabhairt faoi deara, ar an gcéad dul síos, go n-iarrann an chúirt a rinne an tarchur ar an gCúirt Airteagal 70(1) agus (4) de Threoir 2014/59 a chur san áireamh i gcomhthéacs léiriú Threoir 93/13 a iarradh uirthi, ar an bhforas gurb ionann Airteagal 135 (1) agus (4) den Dlí maidir leis an gCiste um Ráthaíocht Bainc, a aithnítear san ordú tarchuir mar ‘reachtaíocht náisiúnta’ dá dtagraítear sa cheist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú, agus trasuí Airteagal 70 (1) agus (4).

39 Tá difríocht idir na forálacha sin de dhlí an Aontais, ar thaobh amháin, agus dlí na Polainne, ar an taobh eile, maidir lena gcuspóir agus lena raon feidhme. Tagraítear in Airteagal 70(1) agus (4) de Threoir 2014/59 do chumhacht srianta nach mór d’údarás náisiúnta réitigh a bheith aige maidir le húsáid comhthaobhachta a bhaineann le sócmhainní institiúide faoi réiteach, ar feadh tréimhse an-ghearr, ach baineann Airteagal 135 (1) agus (4) den Dlí maidir leis an Ciste um Ráthaíocht Bainc, mar is léir ón ordú tarchuir, le toirmeasc ar chúirteanna náisiúnta aon imeachtaí forfheidhmithe a leanúint nó deonú beart cosanta a bhaineann le sócmhainní institiúide den sórt sin a iarraidh fad is atá sé faoi réir na n-imeachtaí sin.

40 Thairis sin, mar a thugann tAbhcóide Ginearálta faoi deara, go bunúsach, i míreanna 31 go 35 dá Tuairim, ní ‘creidiúnaithe urraithe’ d’institiúid faoi réiteach iad na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí, de réir bhrí Airteagal 70(1) de Threoir 2014/59. Is léir ón ordú tarchuir gur páirtithe conarthacha iad d’institiúid den sórt sin a d’agair í d’fhonn aitheantas a fháil go bhfuil, ar an gcéad dul síos, ‘éileamh’ ann arb é atá ann comhaontú iasachta a neamhniú agus, ar an dara dul síos, éileamh airgid arb é atá ann aisíoc na suimeanna a íocadh léi i gcomhlíonadh an chonartha sin. Níl ‘comhthaobhacht a bhaineann le sócmhainní na hinstitiúide sin’ de réir bhrí Airteagal 70(1) ag gabháil leis na héilimh líomhainte sin. Ina theannta sin, ní bhaineann iarratas ar bhearta eatramhacha lena n-iarrtar bearta cosanta a dheonú amhail iad siúd atá i gceist sna príomhimeachtaí, lena gcuimsítear, go bunúsach, an oibleagáid na suimeanna atá gan íoc a íoc ar na dátaí dlite amach anseo dá bhforáiltear sa chonradh sin a chur ar fionraí le linn na bpríomhimeachtaí, le hurrús den sórt sin (féach, chuige sin, ordú an 20 Feabhra 2024, *Getin Noble Bank*, C-34/23, EU:C:2024:203, mír 32).

41 Thairis sin, tar éis iarraidh ar fhaisnéis ón gCúirt, is cosúil gur ghlac an chúirt a rinne an tarchur leis, mar a chuir Rialtas na Polainne agus an Coimisiún Eorpach in iúl ina mbarúlacha sna himeachtaí seo, go ndearnadh Airteagal 70 de Threoir 2014/59 a thrasuí i ndlí na Polainne le forálacha eile den Dlí maidir leis an gCiste um Ráthaíocht Bainc, eadhon Airteagal 142 de.

42 Ar an dara dul síos, a mhéid a thagraíonn an chúirt a rinne an tarchur, sa cheist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú, do phrionsabal na héifeachtachta agus do phrionsabal na comhréireachta, ba cheart a thabhairt faoi deara nach luaitear inti an chúis atá leis an bprionsabal sin maidir leis an dara prionsabal sin. I gcomhréir le hAirteagal 94 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais, ní mór a bheith in aon iarraidh ar réamhrialú ráiteas ar na cúiseanna a thug ar an gcúirt nó ar an mbinse a rinne an tarchur fiosrú a dhéanamh maidir le léiriú nó bailíocht forálacha áirithe de dhlí an Aontais, chomh maith leis an nasc a dhéanann sí idir na forálacha sin agus an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí, a bhfuil feidhm ag an gceanglas sin freisin maidir le prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais a ardaíonn an chúirt nó an binse sin i gcomhthéacs iarraidh den sórt sin.

43 Dá bhrí sin, ní mór a mheas, trína ceist, go bhfiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Airteagal 6(1) agus Airteagal 7(1) de Threoir 93/13, arna léamh i bhfianaise phrionsabal na héifeachtachta agus i gcomhar le hAirteagal 34(1)(b) agus (g) de Threoir 2014/59, le léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta lena gceanglaítear ar an gcúirt náisiúnta diúltú d'iarraidh tomhaltóra ar bhearta cosanta, lena n-iarrtar íocaíocht na dtráthchodanna míosúla atá dlite ag an iarratasóir faoi chomhaontú iasachta a chur ar fionraí, ar íocaíocht í a lorgaíonn sí a neamhniú mar gheall ar théarmaí éagóracha atá inti, go dtí go ndéanfar cinneadh críochnaitheach maidir leis an iarratas deireanach sin, ar an bhforas amháin go bhfuil an banc lenar tugadh an comhaontú sin i gcrích faoi réir réitigh, de réir bhrí Threoir 2014/59, i gcomhthéacs na huirlise droichead-institiúide trí bhanc eile a bhunú ar aistríodh an chuid is mó de na sócmhainní, cearta agus dliteanais an bhainc faoi réiteach chuige, ach ní an conradh lena mbaineann, a d'fhan i sócmhainní na hinstitiúide iarmharaí, cé go raibh gá le bearta cosanta den sórt sin chun éifeachtacht iomlán an chinnidh chríochnaithigh sin a áirithiú.

44 Ba cheart a mheabhrú ag an tús gurb é cuspóir Threoir 93/13 ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí a áirithiú (féach, chuige sin, breithiúnais an 19 Meán Fómhair 2018, *Bankia*, C-109/17, EU:C:2018:735, mír 36, agus an 15 Meitheamh 2023, *Getin Noble Bank (Feidhmiú comhaontaithe creidmheasa a chur ar fionraí)*, C-287/22, EU:C:2023:491, mír 36 agus an cásdlí dá dtagraítear). Tá an cuspóir sin comhsheasmhach leis an riachtanas a eascraíonn as Airteagal 38 den Chairt um Chearta Bunúsacha, arb é atá ann féin ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí a áirithiú i mbeartais an Aontais, agus an ceanglas sin ábhartha go háirithe maidir le cur chun feidhme na Treorach sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 5 Meán Fómhair 2024, *Novo Banco agus páirtithe eile*, C-498/22 go C-500/22, EU:C:2024:686, mír 137 agus an cásdlí dá dtagraítear).

45 Chuige sin, ar an gcéad dul síos, ceanglaítear le hAirteagal 6(1) de Threoir 93/13 ar na Ballstáit foráil a dhéanamh nach bhfuil téarmaí éagóracha a úsáidtear i gconradh arna thabhairt i gcrích le tomhaltóir ag díoltóir nó soláthróir ina gceangal ar an tomhaltóir.

46 Dá bhrí sin, ceanglaítear ar na cúirteanna náisiúnta gan na téarmaí sin a chur i bhfeidhm ionas nach mbeidh éifeachtaí ceangailteacha acu ar thomhaltóir, mura ndéanann an tomhaltóir agóid ina choinne (breithiúnas an 15 Meitheamh 2023, *Getin Noble Bank (Getin Noble Bank (Feidhmiú comhaontaithe creidmheasa a chur ar fionraí)*, C-287/22, EU:C:2023:491, mír 37 agus an cásdlí dá dtagraítear).

47 I gcás téarmaí éagóracha lena gceanglaítear suim airgid a íoc, tá éifeacht aisig ag an oibleagáid sin, i bprionsabal, i leith na suime sin. Baineann an ceanglas maidir le staid dhlíthiúil agus fhíorasach an tomhaltóra lena mbaineann a athbhunú faoi mar a bheadh in éagmais na dtéarmaí éagóracha sin, go háirithe trí cheart chun aisig a bhunú ar bhuntáistí a fuair díoltóir nó soláthróir go míchuí ar bhonn na dtéarmaí éagóracha sin, nach mór a aithint, dá bhrí sin, a bheith ag an tomhaltóir, faoi shubstaint na cosanta a ráthaítear do thomhaltóirí le Treoir 93/13 (féach, chuige sin, breithiúnas an 30 Meitheamh 2022, *Profi Credit Bulgaria (Cúiteamh ex officio i gcás téarmaí éagóracha)*, C-170/21, EU:C:2022:518, míreanna 42 agus 43 agus an cásdlí dá dtagraítear).

48 Ar an dara dul síos, i gcomhréir le hAirteagal 7(1) de Threoir 93/13, ceanglaítear ar na Ballstáit modhanna leordhóthanacha agus éifeachtacha a chur i bhfeidhm chun cosc a chur ar úsáid leanúnach téarmaí éagóracha i gconarthaí arna dtabhairt i gcrích le tomhaltóirí ag díoltóirí nó ag soláthróirí.

49 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú, i bhfianaise chineál agus thábhacht leas an phobail ar a bhfuil an chosaint a thugtar do thomhaltóirí le Treoir 93/13 bunaithe, nach mór Airteagal 6(1) den Treoir sin a mheas mar riail atá coibhéiseach le rialacha náisiúnta a rangaítear, laistigh den chóras dlí náisiúnta, mar rialacha beartais phoiblí (breithiúnais an 6 Deireadh Fómhair 2009, *Asturcom Telecomunicaciones*, C-40/08, EU:C:2009:615, mír 52, agus an 17 Bealtaine 2022, *Unicaja Banco*, C-869/19, EU:C:2022:397, mír 24). Tá Airteagal 7(1) den Treoir sin nasctha go díreach freisin leis an leas poiblí sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Nollaig 2016, *Gutiérrez Naranjo agus páirtithe eile*, C-154/15, C-307/15 agus C-308/15, EU:C:2016:980, mír 56).

50 Ós rud é nach gcomhchuibhítear le dlí an Aontais na nósanna imeachta is infheidhme maidir le scrúdú a dhéanamh ar nádúr éagórach féideartha téarma chonarthaigh, baineann na nósanna imeachta sin le dlíchóras náisiúnta na mBallstát, i gcomhréir le prionsabal neamhspleáchas nós imeachta na mBallstát sin, ar choinníoll, áfach, go gcomhlíonann siad prionsabail na coibhéise agus na héifeachtachta (féach, chuige sin, breithiúnas an 9 Aibreán 2024, *Profi Credit Polska (Athoscailt na n-imeachtaí arna dtabhairt i gcrích le cinneadh críochnaitheach)*, C-582/21, EU:C:2024:282, mír 74 agus an cásdlí dá dtagraítear).

51 I gcomhréir le prionsabal na héifeachtachta, níor cheart go bhfágfadh na rialacha mionsonraithe nós imeachta lena rialaítear caingne chun cearta a chosaint a dhíorthaíonn daoine aonair ó dhlí an Aontais go bhfuil sé dodhéanta nó ródheacair na cearta a thugtar le dlí an Aontais a fheidhmiú. Ní mór scrúdú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas a eascraíonn as an bprionsabal sin trí ról na rialacha lena mbaineann sa nós imeachta ina iomláine, le linn na n-imeachtaí sin agus gnéithe sonracha na rialacha sin os comhair na gcomhlachtaí náisiúnta éagsúla a chur san áireamh (féach, chuige sin, breithiúnas an 9 Aibreán 2024, *Profi Credit Polska (Athoscailt an nós imeachta arna thabhairt i gcrích le cinneadh críochnaitheach)*, C-582/21, EU:C:2024:282, míreanna 40 agus 41 agus an cásdlí dá dtagraítear).

52 Ba cheart a chur in iúl freisin gurb é atá i gceist leis an oibleagáid atá ar na Ballstáit éifeachtacht na gceart a eascraíonn as dlí an Aontais a áirithiú, go háirithe maidir leis na cearta a eascraíonn as Treoir 93/13, ceanglas maidir le cosaint bhreithiúnach éifeachtach, a chumhdaítear freisin in Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha, a bhfuil feidhm aige, go háirithe, maidir leis na rialacha mionsonraithe nós imeachta lena rialaítear caingne dlí bunaithe ar chearta den sórt sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 9 Aibreán 2024, *Profi Credit Polska (Athoscailt imeachtaí arna dtabhairt i gcrích le cinneadh críochnaitheach)*, C-582/21, EU:C:2024:282, mír 76 agus an cásdlí dá dtagraítear).

53 Dá bhrí sin, cé gur faoi na Ballstáit atá sé na rialacha mionsonraithe a shainiú ina ndlí náisiúnta faoina mbunaítear cinneadh go bhfuil téarmaí na gconarthaí arna dtabhairt i gcrích le tomhaltóirí ag díoltóir nó ag soláthróir éagórach agus go bhfuil éifeachtaí dlíthiúla sonracha ag an gcinneadh sin, ní mór a bheith in ann, leis an gcinneadh sin, staid dhlíthiúil agus fhíorasach an tomhaltóra lena mbaineann a athbhunú mar a bheadh in éagmais an téarma éagóraigh sin, i gcás inarb iomchuí trí aitheantas a thabhairt don cheart chun aiseag na mbuntáistí a fuair an díoltóir nó an soláthróir go míchuí. Ní féidir le creat den sórt sin faoin dlí náisiúnta maidir leis an gcosaint a thugtar do thomhaltóirí le Treoir 93/13 an bonn a bhaint de shubstaint na cosanta sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 15 Meitheamh 2023, *Getin Noble Bank (Feidhmiú comhaontaithe creidmheasa a chur ar fionraí)*, C-287/22, EU:C:2023:491, mír 39 agus an cásdlí dá dtagraítear).

54 I ndáil leis sin, chinn an Chúirt go bhfuil sé contrártha le hAirteagal 7(1) de Threoir 93/13 an fhéidearthacht a bhaint de thomhaltóir bac a chur ar fhorghníomhú arna thionscnamh faoi ionstraim infhorfheidhmithe bunaithe ar théarma conarthach a ndéantar agóid i gcoinne a bhailíochta os comhair na gcúirteanna ar an bhforas go bhfuil sé éagórach, i gcás, in éagmais na fionraí sin, nach mbeadh de thoradh ar an gcinneadh atá le tabhairt ar shubstaint an téarma sin, ag cinneadh go bhfuil an téarma sin éagórach, ach cosaint do thomhaltóirí *a posteriori* nach bhfuil inti ach cúiteamh, atá neamhiomlán agus neamhleor agus, dá bhrí sin, nach modh leordhóthanach nó éifeachtach é chun cosc a chur ar scor d'úsáid an téarma sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 14 Márta 2013, *Aziz*, C-415/11, EU:C:2013:164, mír 60).

55 Dá bhrí sin, ceanglaítear leis an gcosaint a ráthaítear do thomhaltóirí le Treoir 93/13, go háirithe Airteagal 6(1) agus Airteagal 7(1) di, i gcás ina bhfuil fianaise leordhóthanach ann go bhfuil na téarmaí conarthacha a ndearna an tomhaltóir agóid ina gcoinne, nó fiú an conradh féin, ar neamhní go hiomlán, agus mar thoradh air sin gur dócha go n-aisíocfar na suimeanna uile nó cuid de na suimeanna arna n-íoc ag an tomhaltóir sin, ní mór don chúirt náisiúnta a bheith in ann beart cosanta iomchuí a dheonú, más gá sin chun éifeachtacht iomlán an chinnidh atá le tabhairt maidir le héagóracht na dtéarmaí conarthacha a áirithiú (féach, chuige sin, breithiúnais an 14 Márta 2013, *Aziz*, C-415/11, EU:C:2013:164, míreanna 59, 60 agus 64; an 26 Meitheamh 2019, *Addiko Bank*, C-407/18, EU:C:2019:537, míreanna 57 agus 58, agus an 15 Meitheamh 2023, *Getin Noble Bank (Feidhmiú comhaontaithe creidmheasa a chur ar fionraí)*, C-287/22, EU:C:2023:491, míreanna 43 agus 60).

56 Ciallaíonn éifeachtacht iomlán an chinnidh atá le tabhairt maidir le substaint an cháis, go háirithe, gur féidir cosc a chur ar an tomhaltóir suimeanna a íoc le linn na n-imeachtaí breithiúnacha, a bhféadfadh a ré a bheith suntasach, níos mó ná na suimeanna a bheadh dlite iarbhír dá gcinnfí cineál éagórach na dtéarmaí atá faoi dhíospóid leis an gcinneadh sin, agus mar thoradh air sin go bhféadfadh sé a bheith riachtanach bearta cosanta a dheonú i gcás den sórt sin (féach, chuige sin, ordú an 26 Deireadh Fómhair 2016, *Fernández Oliva agus páirtithe eile*, C-568/14 go C-570/14, EU:C:2016:828, mír 35 agus breithiúnas an 15 Meitheamh 2023, *Getin Noble Bank (Feidhmiú comhaontaithe creidmheasa a chur ar fionraí)*, C-287/22, EU:C:2023:491, mír 42).

57 Thairis sin, ní mór measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le bearta cosanta a dheonú i bhfianaise imthosca uile an cháis (féach, chuige sin, breithiúnas an 15 Meitheamh 2023, *Getin Noble Bank (Feidhmiú comhaontaithe creidmheasa a chur ar fionraí)*, C-287/22, EU:C:2023:491, mír 59.

58 I ndáil leis sin, i gcás comhaontú iasachta, is mó fós is gá an fhéidearthacht a bheith ag na cúirteanna náisiúnta beart den sórt sin a dheonú i gcás, agus an comhaontú sin á chur i gcrích, go bhfuil an tomhaltóir tar éis méid níos mó ná an tsuim a fuarthas ar iasacht a íoc leis an institiúid creidmheasa cheana féin nó i gcás ina bhfuil an riosca ann go mbeidh air méid níos mó ná an tsuim

a fuarthas ar iasacht a íoc leis (féach, chuige sin, breithiúnas an 15 Meitheamh 2023, *Getin Noble Bank (Feidhmiú comhaontaithe creidmheasa a chur ar fionraí)*, C-287/22, EU:C:2023:491, míreanna 52 agus 59).

59 Mar sin féin, mar a luaigh an chúirt a rinne an tarchur, ba cheart a thabhairt faoi deara nach gciallaíonn aon chinneadh go bhfuil na téarmaí conarthacha atá á gconspóid ag an tomhaltóir éagórach go scoirfidh aon éileamh ar thaobh na hinstitiúide creidmheasa i gcoinne an tomhaltóra sin de bheith ann.

60 Sa chás seo, baineann ceisteanna na cúirte a rinne an tarchur go bunúsach leis an bhfíoras go n-eisiatar leis an dlí náisiúnta, go háirithe Airteagal 135(1) agus (4) den Dlí maidir leis an gCiste um Ráthaíocht Bainc, aon fhéidearthacht bearta cosanta a dheonú i gcás inar institiúid creidmheasa atá faoi réir nós imeachta réitigh é an díoltóir nó an soláthróir a bhfuil conradh tugtha i gcrích aige le tomhaltóir a ndéantar agóid in aghaidh a bhailíochta os comhair na gcúirteanna, ar bhonn measúnú *prima facie* mar is ceart.

61 I bhfianaise na ceiste a tharchuir an chúirt sin, is gá, dá bhrí sin, a chinneadh, i gcás ina bhfuil institiúid creidmheasa faoi réir nós imeachta réitigh ina n-úsáidtear an uirlis droichead-institiúide, ina gcuirtear ar bun banc ar aistríodh an chuid is mó de shócmhainní, de chearta agus de dhliteanais na hinstitiúide creidmheasa sin chuige, déanann Airteagal 34(1)(b) agus (g) de Threoir 2014/59 difear don fhéidearthacht atá ag an gcúirt náisiúnta bearta cosanta arna n-iarraidh ag tomhaltóir a dheonú chun éifeachtacht iomlán an chinnidh bhreithiúnaigh atá le tabhairt maidir le héagóir líomhainte téarma i gconradh a bhí fós i sócmhainní na hinstitiúide iarmharaí a áirithiú.

62 Leagtar síos go bunúsach le hAirteagal 34(1)(b) de Threoir 2014/59 an t-ord ina n-iompróidh na daoine lena mbaineann, i bprionsabal, caillteanais na hinstitiúide atá faoi réir na n-imeachtaí sin, eadhon scairshealbhóirí, agus ansin creidiúnaithe na hinstitiúide sin, i gcomhréir le hord tosaíochta a n-éileamh faoi ghnáthimeachtaí dócmhainneachta, ar faoin dlí náisiúnta atá sé, i gcomhréir le hAirteagal 2(1)(47) de Threoir 2014/59.

63 Dá bhrí sin, níl aon léiriú in Airteagal 34(1)(b) maidir le cé acu a fhéadfaidh nó nach bhféadfaidh tomhaltóir a oibleagáidí nó a hoibleagáidí féin i leith na hinstitiúide faoi réiteach a chur ar fionraí.

64 Bunaítear le hAirteagal 34(1)(g) de Threoir 2014/59 an prionsabal nach dtabhóidh aon chreidiúnaí caillteanais níos mó ná na caillteanais a thabhófaí dá ndéanfaí an institiúid faoi réiteach a fhoirceannadh faoi ghnáthimeachtaí dócmhainneachta, i gcomhréir le hAirteagail 73 go 75 den Treoir sin.

65 Mar a luaigh an tAbhcóide Ginearálta, go bunúsach, i míreanna 72 go 74 dá Tuairim, ciallaíonn an fíoras go dtagraíonn an fhoráil sin go sainráite d'Airteagail 73 go 75 de Threoir 2014/59 go dtagraíonn sí do bheart coimirce lena dtairbhítear, go háirithe, do chreidiúnaithe institiúide faoi réiteach, ach nach bhfuil feidhm aige ach *a posteriori*. Glactar leis an mbeart sin go ndéanfar comparáid idir na caillteanais a thabhaigh na creidiúnaithe sin iarbhír i bhfianaise a láimhseála iarbhír i gcomhthéacs réiteach na hinstitiúide sin agus na gcaillteanas a thabhóidís dá mbeadh an institiúid sin faoi réir gnáthimeachtaí dócmhainneachta tráth a rinneadh an cinneadh gníomhaíocht réitigh a ghlacadh. Má tá an chéad cheann níos airde ná an ceann deireanach, cuireann an beart sin ar a gcumas íocaíocht na difríochta a fháil ón sásra um maoiniú réitigh.

66 Dá bhrí sin, ní bhaineann an prionsabal ‘gan creidiúnaí ar bith níos measa as’, dá dtagraítear in aithris 5 de Threoir 2014/59, i gcomhar le hAirteagal 34(1)(g) di, arna léamh i gcomhar le hAirteagail 73 go 75 den Treoir sin, le haon chosaint nós imeachta a bhaineann le bearta cosanta a dheonú, amhail iad siúd atá i gceist sna príomhimeachtaí, as a bhféadfadh creidiúnaithe institiúide iarmharaí tairbhe a bhaint as an nós imeachta réitigh. Dá bhrí sin, ní bhaineann Airteagal 34(1)(g) leis an bhfreagra ar an gceist an gá go mbeadh sé de chumhacht ag cúirt náisiúnta bearta cosanta a dheonú amhail iad siúd atá i gceist sna príomhimeachtaí.

67 Ina theannta sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, mar a rinne an tAbhcóide Ginearálta, go bunúsach, i mír 75 dá Tuairim, nach bhféadfadh aon fhoráil eile de Threoir 2014/59 a bheith bainteach leis an gcosaint sin, in éagmais foráil shonrach a bhaineann le hiarrataí ar bhearta cosanta arna dtionscnamh i gcoinne na hinstitiúide sin ag creidiúnaithe institiúide faoi réiteach.

68 Dá bhrí sin, tagann forálacha amhail Airteagal 135(1) agus (4) den Dlí maidir leis an gCiste um Ráthaíocht Bainc faoi raon feidhme Airteagal 1(2) de Threoir 2014/59, lena bhforáiltear go bhféadfaidh na Ballstáit rialacha níos déine nó rialacha lena bhforlíontar iad siúd a leagtar síos sa Treoir sin agus sna gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme arna nglacadh ar a bonn a ghlacadh nó a choinneáil ar bun.

69 I gcomhréir leis an bhforáil dheireanach sin, féadfaidh na Ballstáit rialacha den sórt sin a ghlacadh ar choinníoll go bhfuil feidhm ghinearálta acu agus nach bhfuil siad contrártha do Threoir 2014/59 ná do na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme arna nglacadh ar an mbonn sin.

70 Sna himthosca sin, is gá a fháil amach an féidir cur i bhfeidhm fhorálacha ábhartha Threoir 93/13, i gcomhthéacs amhail comhthéacs an cháis sna príomhimeachtaí, a dhéanamh neamhéifeachtach nó bac a chur ar chur chun feidhme an nós imeachta réitigh.

71 I ndáil leis sin, chinn an Chúirt cheana féin gur cuspóirí leasa ghinearálta arna saothrú ag an Aontas iad na cuspóirí maidir le cobhsaíocht an chórais baincéireachta agus airgeadais a áirithiú agus riosca sistéamach a sheachaint. Dá bhrí sin, foráiltear le Treoir 2014/59, i gcomhthéacs eacnamaíoch eisceachtúil, d’úsáid imeachtaí a d’fhéadfadh difear a dhéanamh, *inter alia*, do chearta creidiúnaithe institiúide creidmheasa nó gnólachta infheistíochta, chun cobhsaíocht airgeadais na mBallstát a choimirciú, trí chóras dócmhainneachta a chruthú de mhaolú ar an ngnáthdhlí maidir le himeachtaí dócmhainneachta, nach gceadaítear a gcur chun feidhme ach amháin in imthosca eisceachtúla agus nach mór údar maith a bheith leo ar mhaithe le leas sáraitheach poiblí. Ciallaíonn cineál maolaithe an chórais sin go bhféadfar cur i bhfeidhm forálacha eile de dhlí an Aontais a chur ar leataobh i gcás ina bhféadfadh na forálacha sin cur chun feidhme an nós imeachta réitigh a fhágáil neamhéifeachtach nó bac a chur air (breithiúnas an 5 Bealtaine 2022, *Banco Santander (Réiteach baincéireachta Banco Popular)*, C-410/20, EU:C:2022:351, míreanna 36 agus 37).

72 Mar sin féin, ba cheart a thabhairt faoi deara, i gcomhthéacs amhail comhthéacs an cháis sna príomhimeachtaí, gur baineadh amach éifeachtacht an nós imeachta réitigh, i bprionsabal, ón tráth a úsáideadh an uirlis droichead-institiúide, ag an am céanna le haistriú fhormhór shócmhainní, chearta agus dhliteanais na hinstitiúide atá faoi réir an nós imeachta sin chuig an droichead-institiúid, ionas nach féidir le teagmhais nós imeachta a tharlaíonn in imeachtaí a bhaineann le sócmhainní a bhí fós i sócmhainní na hinstitiúide iarmharaí an bonn a bhaint den éifeacht sin, ná bac a chur ar chur chun feidhme an nós imeachta réitigh. Ba cheart a chur in iúl freisin, ón bpointe ama sin, go bhfuil sé beartaithe an institiúid iarmharach sin a fhoirceannadh faoi ghnáthimeachtaí dócmhainneachta, de bhun Airteagal 37(6) de Threoir 2014/59.

73 Dá bhrí sin, tá imthosca an cháis sna príomhimeachtaí éagsúil leis na himthosca dá dtagraítear i mbreithiúnais an 5 Bealtaine 2022, *Banco Santander (Réiteach baincéireachta Banco Popular)* (C-410/20, EU:C:2022:351), agus an 5 Meán Fómhair 2024, *Novo Banco agus páirtithe eile* (C-498/22 go C-500/22, EU:C:2024:686, ós rud é gur bhain na cásanna sa dá bhreithiúnas sin le heintitis a cruthaíodh tar éis thionscnamh an nós imeachta réitigh, seachas institiúid iarmharach.

74 Ina theannta sin, de réir mheasúnú *prima facie* na cúirte a rinne an tarchur, mar a leagtar amach san iarraidh ar réamhrialú, ní bheadh sé d'éifeacht ag bearta cosanta a dheonú in imthosca amhail iad siúd sna príomhimeachtaí, lena bhféachtar le cosc a chur ar íocaíochtaí a dhéanamh ar bhonn téarmaí conarthacha ar léir go bhfuil siad éagórach ó chásdlí náisiúnta seanbhunaithe, cosc a chur ar mhéadú ar shócmhainní na hinstitiúide iarmharaí ach amháin ar mhéid na méideanna míchuí, a mbeadh tomhaltóirí faoi dhliteanas ina leith, sa chleachtas, mar gheall ar leanúint ar aghaidh leis na príomhimeachtaí agus sin amháin. I gcás ina ndealraíonn sé, mar atá sa chás seo, go bhfuil íocaíochtaí déanta ag an tomhaltóir as méid iomlán a chomhfhreagraíonn, a bheag nó a mhór, don chaipiteal a tugadh ar iasacht, tá sé tábhachtach go mbeadh an chúirt náisiúnta in ann cinneadh a dhéanamh oibleagáid an tomhaltóra sin a chur ar fionraí maidir leis na tráthchodanna míosúla a íoc atá dlite faoin gcomhaontú iasachta a leantar dá neamhbhailíochtú, chun cosc a chur ar an institiúid iarmharach sin suimeanna a fháil de bhreis ar na suimeanna a bhféadfadh sí a éileamh go dleathach i gcás ina ndéanfaí an comhaontú sin a neamhbhailíochtú.

75 Is léir ó na breithnithe go léir roimhe seo nach mór Airteagal 6(1) agus Airteagal 7(1) de Threoir 93/13, arna léamh i bhfianaise phrionsabal na héifeachtachta agus i gcomhar le Treoir 2014/59, a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta lena gceanglaítear ar an gcúirt náisiúnta diúltú d'iarratas ar bhearta cosanta arna ndéanamh ag tomhaltóir atá ag iarraidh íocaíocht na dtráthchodanna míosúla atá dlite ag an tomhaltóir sin faoi chomhaontú iasachta a chur ar fionraí mar gheall ar na téarmaí éagóracha atá ann, go dtí go ndéanfar cinneadh críochnaitheach maidir leis an iarratas sin, ar an bhforas amháin go bhfuil an banc lenar tugadh an conradh sin i gcrích faoi réir nós imeachta réitigh, de réir bhrí Threoir 2014/59, i gcomhthéacs na huirlise droichead-institiúide trí bhanc eile a chur ar bun ar aistríodh an chuid is mó de shócmhainní, de chearta agus de dhliteanais an bhainc faoi réiteach chuige, ach ní an conradh lena mbaineann, a d'fhan i sócmhainní na hinstitiúide iarmharaí, cé go bhfuil gá le bearta cosanta den sórt sin chun éifeachtacht iomlán an chinnidh chríochnaithigh sin a áirithiú. Agus scrúdú á dhéanamh an gá na bearta cosanta sin a dheonú, ní mór don chúirt náisiúnta a chur san áireamh gur íoc an tomhaltóir, nó gur dócha go n-íocfaidh sé, le linn na n-imeachtaí breithiúnacha méid níos airde ná an méid is iníoctha iarbhír i gcás neamhbhailíochtú an chonartha sin.

Costais

76 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a cuireadh faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt Bhreithiúnais (an Tríú Dlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir le hAirteagal 6(1) agus Airteagal 7(1) de Threoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra, arna léamh i bhfianaise phrionsabal na héifeachtachta agus i gcomhar le Treoir 2014/59/AE ó

Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat do théarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle, agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 648/2012, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

cuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta lena gceanglaítear ar an gcúirt náisiúnta diúltú d'iarratas ar bhearta cosanta ó thomhaltóir atá ag iarraidh íocaíocht na dtráthchodanna míosúla atá dlite ag an tomhaltóir sin faoi chomhaontú iasachta a chur ar fionraí mar gheall ar na téarmaí éagóracha atá ann, go dtí go ndéanfar cinneadh críochnaitheach maidir leis an iarratas sin, ar an bhforas amháin go bhfuil an banc lenar tugadh an conradh sin i gcrích faoi réir nós imeachta réitigh, de réir bhrí Threoir 2014/59, ar lena linn a chuathas ar iontaoibh na huirlise droichead-institiúide trí bhanc eile a chur ar bun a bhfuil formhór na sócmhainní aige, ar aistríodh an chuid is mó de shócmhainní, de chearta agus de dhliteanais an bhainc faoi réiteach chuige, ach ní an conradh lena mbaineann, a d'fhan i sócmhainní na hinstitiúide iarmharaí, cé go bhfuil gá le bearta cosanta den sórt sin chun éifeachtacht iomlán an chinnidh chríochnaithigh sin a áirithiú. Agus scrúdú á dhéanamh aici ar an ngá atá leis na bearta cosanta sin a dheonú, ní mór don chúirt náisiúnta a chur san áireamh gur íoc an tomhaltóir, nó gur dócha go n-íocfaidh sé, méid níos mó ná an méid is iníoctha iarbhír i gcás neamhbhailíochtú an chonartha sin.

Sínithe